Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0142

Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus an Ghraonlainn agus an Danmhairg: Prótacal Cur Chun Feidhme 2025-2030

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (2025-2030) (14652/2024 – C10-0227/2024 – 2024/0263(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (14652/2024),

– ag féachaint don Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus rialtas na Graonlainne agus rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (2025-2030) (14781/2024),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0227/2024),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 8 Iúil 2025[1] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4) agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0099/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

---

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0143.

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, de pháirt amháin, agus chuig rialtais agus parlaimintí na Graonlainne agus na Danmhairge, den pháirt eile.